Meisce i measc leanaí scoile na hÉireann

HBSC (IOMPRÍOCHT SLÁINTE i LEANAÍ ag AOIS SCOILE) na hÉIREANN 2002

Bileog Fíricí Taighde 5

An Dr Kieran Walsh agus an Dr Saoirse Nic Gabhainn, an tIonad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Achoimre

Thuairiscigh HBSC Éireann go bhfuil 31.2% de leanaí a deir gur ól siad an oiread aclóil is go raibh siad ar meisce (32.7% de bhuachaillí agus 30.1% de chailíní). Tá an céatadán seo fanta mórán mar a chéile ó 1998. D'ardaigh an céatadán leanaí a bhí ar meisce le haois, ó 6.7% de bhuachaillí 10-11 bhliain d'aois agus 3% de chailíní 10-11 bhliain d'aois, go 59.7% de bhuachaillí 15-17 mbliana d'aois agus 56.4% de chailíní 15-17 mbliana d'aois. I gcás leanaí a dúirt go raibh an oiread óil déanta acu is go raibh siad ar meisce: is iondúil nach gcónaíonn siad leis an mbeirt tuismitheoirí, nach mbíonn siad ábalta labhairt go héasca lena dtuismitheoirí, nach dtaitníonn an scoil leo, nach mbíonn sláinte fhíormhaith acu agus nach mbíonn siad sásta lena saol, agus is mó an seans: go gcaithfidh siad ceithre thráthnóna nó níos mó sa tseachtain lena gcairde agus go mbeidh brú orthu maidir le hobair scoile. Sa bhileog fíricí seo tagraíonn 'ar meisce' do leanaí a deir go raibh an oiread alcóil acu is go raibh siad ar meisce ar a laghad uair amháin ina saol.

Cén fáth a gcuirtear béim ar an ábhar seo?

Tá níos mó daoine óga a thosaíonn ag ól ag aois níos óige, tá céatadán níos airde acu a ólann go rialta faoin am a mbíonn siad 18 mbliana d'aois agus baineann go leor acu mí-úsáid as alcól[3,4,5]. Is féidir le mí-úsáid alcóil dochar a dhéanamh do shláinte, agus is féidir le caillteanas eacnamaíoch, foréigean, drochthionchar ar shaol an teaghlaigh agus drochthimpistí a bheith mar thoradh ar an mí-úsáid sin[6].

Treochtaí 1998 – 2002

Tá céatadán na leanaí a deir go raibh siad ar meisce fanta réasúnta seasmhach (29.3% i 1998 go 31.2% in 2002). Tá ardú i measc cailíní (24.% go 30.1%), agus laghdú beag i measc buachaillí (34.8% go 32.7%). Tá laghdú de bheag nach leath tagtha ar chéatadán na leanaí 10-11 bhliain d'aois a bhí ar meisce (9.9% go 4.7%).

...Meisce i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán leanaí a bhi an-ólta de réir aoise agus inscne, HBSC 2002

Meisceoireacht a chur i gcomhthéacs

- Is lú an seans go mbeidh leanaí a bhí ar meisce ina gcónaí le beirt tuismitheoirí ná na leanaí nach raibh (81% vs 88%).
- Bíonn sé níos deacra ag leanaí a bhí ar meisce labhairt lena máithreacha (66% vs 80%) agus lena n-aithreacha (42% vs 58%), ná mar a bhíonn sé ag leanaí nach raibh ar meisce.
- Bíonn sé níos éasca ag leanaí a bhí ar meisce de ghnáth labhairt lena ndlúthchairde, ná mar a bhíonn acu siúd nach raibh ar meisce (88% vs 83%).
- Is mó an seans go gcaithfidh leanaí a bhí ar meisce ceithre thráthnóna nó níos mó sa tseachtain lena gcairde ná na leanaí nach raibh ar meisce (50% vs 35%).
- Is lú an seans go dtaitneoidh an scoil le leanaí a bhí ar meisce (57% vs 74%) agus is mó an seans chomh maith go mbeidh siad faoi bhrú ag obair scoile (41% vs 32%), ná iad siúd nach raibh ar meisce.
- Is lú an seans go ndéarfaidh leanaí a bhí ar meisce go bhfuil sláinte fhíormhaith acu ná iad siúd nach raibh ar meisce (20% vs 31%) agus is lú an seans freisin go mbeidh siad sona faoina saol (34% vs 49%) ná iad siúd nach raibh ar meisce.
- Níl baint ar bith ag aicmí sóisialta le bheith ar meisce.

...Meisce i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán na leanaí 15 bliana d'aois a deir go raibh siad ar meisce, de réir tíre

Idirnáisiúnta

Áirítear leanaí Éireannacha cúig bliana déag d'aois (idir bhuachaillí agus chailíní) sa 24 áit as 35 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, le 47% ag tuairisciú gur ól siad an oiread alcóil agus go raibh siad ar meisce. Ina iomláine, deir 5% de leanaí Éireannacha aon bhliain déag d'aois (áirithe sa 27ú áit) agus 16% de leanaí Éireannacha trí bliana déag d'aois (áirithe sa 30ú áit), gur ól siad an oiread alcóil is go raibh siad ar meisce.

Impleachtaí

Tá an céatadán foriomlán daoine óga in Éirinn a dúirt go raibh siad an-ólta fanta seasta ó 1998, agus tá sé réasúnta íseal i gcomparáid le roinnt tíortha eile san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Ina ainneoin sin, d'ól níos mó ná leath de leanaí na hÉireann idir 15-17 mbliana d'aois an oiread alcóil is go raibh siad an-ólta. Léiríonn na torthaí sa bhileog fíricí seo go gcabhraíonn caidreamh clainne láidir le hól aclóil a laghdú, cé go n-ardaíonn caidreamh maith le cairde an seans go mbeadh siad an–ólta. De bharr an líon ógánach (lena n-áirítear céatadán na gcailíní atá ag ardú) atá páirteach san iompar riosca seo, teastaíonn tuilleadh acmhainní a chur isteach i straitéisí timpeallachta, beartais agus oideachais.

...Meisce i measc leanaí scoile na hÉireann

Tagairtí

1. Currie, C., Samdal, O., Boyce, W. & Smith, R. (eagí.) (2001). *Health behaviour in school-aged children: a WHO cross-national study (HBSC): research protocol for 2001/2002 survey.* Dún Éideann: CAHRU, Ollscoil Dhún Éideann.

2. Currie, C., Roberts, C., Morgan, A., Smith, R., Settertobulte, W., Samdal, O. & Barnakov-Rasmussen, V. (eagí.) (2004). *Young people's health in context.* Health Policy for Children and Adolescent No. 4. Cóbanhávan: WHO-Europe.

3. Morgan, M & Grube J.W. (1994). *Drinking Among Post-primary School Pupils.* An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta & Sóisialta

4. Murray, P. (1996). *Drinking, Smoking and Media-Based No-Smoking Intervention: Analysis of Recent Statewide Studies of Young People.* An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath.

5. Nic Gabhainn, S. & Kelleher, C.C. (1995). *Life skills for Health Promotion: The Evaluation of the NWHB Health Education Programmes.* An tIonad Léinn um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

6. An tAonad um Chothú Sláinte – An Roinn Sláinte (1996). *The National Alcohol Policy. Oifig an tSoláthair.*

Staidéar taighde is é an Iompraíocht Sláinte Leanaí na hÉireann a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde [1,2] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (Eoraip) agus a chomhordaigh an Dr Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2002, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 8,424 leanbh Éireannach ó scoileanna éagsúla ar fud na tíre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hbsc.org, ag www.nuigalway.ie/hbsc agus ag www.hbsc.org/countries/ireland.html

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad um Chothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Fuarthas cúnamh deontais ón mBord Taighde Sláinte chun an bhileog fíricí seo a chur le chéile. Bhí HBSC na hÉireann ina chuid de Shuirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Nós Maireachtála a stiúraigh an tOllamh Cecily Kelleher. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na leanaí, na múinteoirí agus na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa suirbhé agus aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár gcomhghleacaithe san Ionad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.